



Ciorclán 0081/2017

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Foilsíú “Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017”**

**1. Cuspóir an chiorcláin seo**

1.1 Is é príomhchuspóir an chiorcláin seo comhairle a chur ar údaráis bhainistíochta scoile, tar éis comhairliúcháin idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann bainistíochta scoile, tuismitheoirí agus múinteoirí, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, forbraíodh agus foilsíodh “Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017” (dá ngairfear “na nósanna imeachta” anseo feasta).

**2. Ginearálta agus dáta éifeachtach**

2.1 Áirítear sna nósanna imeachta nua an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus “Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí” a d’fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2017 (dá ngairfear “Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017” anseo feasta).

2.2 Baineann na nósanna imeachta seo le gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta agus le hionaid oideachais (mar atá sainmhínithe san Acht Oideachais 1998) ar a bhfreastalaíonn daltaí atá faoi bhonn 18 mbliana d’aois.

2.3 Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil ceanglais uile na nósanna imeachta nua, seachas iad siúd a bhaineann le Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile atá leagtha amach i gCaibidil 8 de na nósanna imeachta, **ag teacht i bhfeidhm ón 11 Nollaig 2017.**

2.4 Ní mór do scoileanna ceanglais nua an Ráitis um Chosaint Leanaí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gCaibidil 8 de na nósanna imeachta nua faoin 11 Márta 2018.

2.5 Tá na nósanna imeachta nua foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne agus is féidir teacht orthu ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

### **3. An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017**

3.1 Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 cuirtear oibleagáidí reachtúla áirithe ar ghairmithe áirithe, lena n-áirítear gach múinteoir cláraithe, dá dtagraítear dóibh mar dhaoine sainordaithe san Acht. Cuirtear leis oibleagáidí reachtúla áirithe ar eagraíochtaí ar leith a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí, lena n-áirítear gach scoil.

3.2 Tugtar breac-chuntas sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017 ar na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le daoine sainordaithe amhail múinteoirí cláraithe agus na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le heagraíochtaí ar nós scoileanna faoin Acht. Leagtar amach freisin na hoibleagáidí (neamhreachtúla) is fearr dea-chleachtais atá i bhfeidhm do gach duine aonair (múinteoirí san áireamh) agus do gach earnáil den tsochaí. Oibríonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 taobh le taobh leis an Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017.

### **4. Cuspóir na nósanna oibre nua**

4.1 Tugann na nósanna imeachta nua treoir agus stiúradh d'údaráis scoileanna agus d'oibrítithe scoile maidir lena ndualgais reachtúla nua a chomhlíonadh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus i gcur i bhfeidhm leanúnach na treorach dea-chleachtais (neamhreachtúil) a leagtar amach sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017.

4.2 Áirítear sna nósanna imeachta –

- a) na nósanna imeachta tuairiscithe a bheidh le leanúint ag múinteoirí cláraithe maidir lena ról mar dhaoine sainordaithe, lena n-áirítear ceanglas chun dul i dteagmháil leis an teagmhálaí ainmnithe agus, más infheidhme, tuarascálacha sainorduithe a thíolacadh i gcomhpháirt leis an teagmhálaí ainmnithe chuig Tusla.

- b) treoir agus stiúradh do scoileanna maidir lena ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le Ráitis um Chosaint Leanaí. Ina leith sin, ceanglaítear leis na nósanna imeachta go n-úsáideann na boird bhainistíochta go léir na teimpléid ábhartha arna bhfoilsíú ag an Roinn agus iad ag ullmhú, ag foilsíú agus ag athbhreithniú a Ráiteas um Chosaint Leanaí.
- c) bearta formhaoirseachta arna bhfeabhsú go suntasach agus é mar aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonann scoileanna go hiomlán leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, le Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017 agus le ceanglais na Roinne mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta do scoileanna. Leagtar amach na bearta formhaoirseachta nua i gCaibidil 9 de na nósanna imeachta agus cuimsítear ann formhaoirseacht an bhoird bainistíochta ar cheanglais na scoile um Chosaint Leanaí agus Tuarascáil Formhaoirseachta nua um Chosaint Leanaí a chaithfear a chur ar fáil don bhord bainistíochta, mar chuid de thuarascáil an Phríomhoide chuig an mbord, ag gach cruinniú bord bainistíochta. Cé go bhféadfadh cuma an-chuimsitheach a bheith ar na ceanglais tuairiscithe maidir leis an Tuarascáil um Fhormhaoirseacht ar Chosaint Leanaí, ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann an ceanglas maidir leis an bhfaisnéis a shonraítear sa tuarascáil seo a chur ar fáil ach amháin i gcás go n-éiríonn cásanna de chineál ar leith sa scoil (mar a leagtar amach in ailt 9.5 go 9.8 san áireamh sna nósanna imeachta). Más amhlaidh go dtarlaíonn aon chás den sórt sin, is ríthábhachtach go soláthrófar don bhord bainistíochta an fhaisnéis is gá chun formhaoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas tuairiscithe ábhartha, go háirithe i gcás ina mbaineann an t-ábhar le fostaí scoile.

#### 4.3 Tá na nósanna imeachta nua struchtúrtha mar seo a leanas –

Cuirtear treoir ar fáil i **gCaibidil 1, 2 agus 3** maidir leis an gcreat dlíthiúil a bhaineann le cosaint leanaí, na ceithre phríomhchineál mí-úsáide agus conas is féidir mí-úsáid agus neamart a shainiú agus na freagrachtaí a bhaineann le gach oibrí scoile, lena n-áirítear an teagmhálaí ainmnithe.

I **gCaibidil 4** leagtar amach na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le gach múinteoir cláráithe mar dhaoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

I **gCaibidil 5** tugtar breac-chuntas ar na nósanna imeachta tuairiscithe atá le leanúint ag oibrithe uile na scoile.

I **gCaibidil 6** tugtar breac-chuntas ar ról Tusla agus an Gharda Síochána.

I **gCaibidil 7** tugtar treoir agus stiúradh do scoileanna i gcásanna ina ndéantar líomhain maidir le mí-úsáid i gcoinne fostaí scoile.

I **gCaibidil 8** tugtar faisnéis do scoileanna maidir le cosaint leanaí agus leagtar amach a gcuid oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

I **gCaibidil 9** tá faisnéis maidir leis na príomhbhearta formhaoirseachta ar leibhéal na scoile agus leagtar amach an comhthéacs formhaoirseachta níos leithne ina bhfeidhmíonn scoileanna.

## 5. Na Chéad Chéimeanna eile

5.1 Baineann gach aon cheanglas de na nósanna imeachta nua, seachas iad siúd a bhaineann le Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile atá leagtha amach i gCaibidil 8 de na nósanna imeachta, le hoibrithe agus údaráis na scoile uile **le héifeacht ón 11 Nollaig 2017**.

5.2 Ceanglaítear ar na Boird Bhainistíochta go léir tosú láithreach ar na socrúithe is gá chun a Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhú.

5.3 Ón 11 Márta 2018 i leith, tagann an ceanglas maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith ann in áit an cheanglais roimhe seo maidir le beartas cosanta leanaí a bhí i bhfeidhm faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí roimhe seo do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (dá ngairfear "na sean-nósanna imeachta" anseo feasta) a foilsíodh in 2011.

5.4 Faoi na sean-nósanna imeachta, ceanglaíodh ar gach scoil glacadh go foirmiúil leis na sean-nósanna imeachta sin agus iad a chur i bhfeidhm gan aon mhodhnú, mar chuid dá mbeartas cosanta leanaí. Cé go scoirfidh na sean-nósanna imeachta de bheith infheidhme ón 11 Nollaig 2017, le linn na hidirthréimhse ón 11 Nollaig 2017 go dtí an 10 Márta 2018 san áireamh, de réir mar a bhíonn scoileanna ag ullmhú a gcuid Ráiteas um Chosaint Leanaí, leanfaidh na beartais um chosaint leanaí atá ann faoi láthair de bheith infheidhme faoi réir na nithe seo a leanas -

- (a) measfar na nósanna imeachta nua, seachas iad siúd a bhaineann le Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile atá leagtha amach i gCaibidil 8, a chur in ionad na sean-nósanna imeachta i ngach beartas um chosaint leanaí atá ann faoi láthair agus

- (b) cuirfear na nósanna imeachta nua, seachas iad siúd a bhaineann le Ráiteas um Chosaint Leanáí na scoile atá leagtha amach i gCaibidil 8, chun feidhme ag gach scoil gan aon mhodhnú.

5.5 Tá sé de dhualgas ar gach údarás scoile ábhartha na socruithe is gá a chur i bhfeidhm chun lán-chomhlíonadh na "Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017" a áirithiú.

## 6. Tacaíocht do scoileanna

6.1 Cuirfear forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar fáil le tacú le scoileanna i bhfeidhmiú na nósanna imeachta nua tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí (SFGM).

6.2 Beidh cead ag scoileanna dúnadh ar feadh dhá leathlae le linn scoilbhliain 2017/18 ionas go mbeidh am acu, mar phobal scoile, dul i gceann na nósanna imeachta athbhreithnithe agus chun an tacaíocht a bheidh ar fáil a rochtain.

6.3 Ba chóir ceisteanna a bhaineann le rochtain tacaíocht FGL atá ar fáil do scoileanna a chur ar an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ag:

[info@pdst.ie](mailto:info@pdst.ie)

6.4 Ba chóir ceisteanna a bhaineann le FGL um chosaint leanáí a chur ar Rannóg Oideachas Múinteoirí na Roinne ag:

[TES@education.gov.ie](mailto:TES@education.gov.ie)

## 7. Ceisteanna a bhaineann leis na nósanna imeachta nua

7.1 Ba chóir aon cheisteanna a bhaineann le 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017' a ardú an chéad uair leis an Teagmhálaí Ainmnithe nó le bord bainistíochta na scoile de réir mar is cúí.

7.2 Ba chóir ceisteanna ginearálta a bhaineann le 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017' a sheoladh de r-phost chuig an Roinn ag:

[schoolgovernance@education.gov.ie](mailto:schoolgovernance@education.gov.ie)

## 8. Scaipeadh ciorclán

8.1 Ba chóir cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do chomhaltáí an bhoird bainistíochta agus do na hoibrithe scoile ar fad. Ba chóir cóip a sholáthar do chumann na dtuismitheoirí freisin. Is féidir teacht ar an gclár seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag [www.education.ie](http://www.education.ie). Tá leagan Gaeilge den chiorclán seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Paraic Joyce  
Príomhoifigeach  
Rannóg Rialachais Scoile.

Mí na Nollag 2017